BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

22 Feabhra 2022 * [i]

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas tearmainn – Nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 33(2)(a) – Doghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír ar deonaíodh stádas dídeanaí i mBallstát eile dó, cé go bhfuil leanbh mionaoiseach an náisiúnaigh sin, a bhfuil stádas tairbhí cosanta coimhdí aige, ina chónaí sa chéad Bhallstát – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 7 – Ceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú – Airteagal 24 – Leas an linbh – Easpa sáraithe ar Airteagail 7 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha mar gheall ar dhoghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 23(2) – Oibleagáid ar na Ballstáit go ndéanfar caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh atá ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a áirithiú)

I gCás C-483/20,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Conseil d'État (an Bheilg), trí bhreith an 30 Meitheamh 2020, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Meán Fómhair 2020, sna himeachtaí idir

XXXX

agus

Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, K. Jürimäe, C. Lycourgos, S. Rodin, I. Jarukaitis agus J Passer (Rapóirtéir), Uachtaráin Dlísheomraí, J.-C. Bonichot, M. Safjan, F. Biltgen, P.G. Xuereb, N. Piçarra, L.S. Rossi agus A. Kumin, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Fhraincis

agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs, M. Van Regemorter agus C. Pochet, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó W. Ferrante, avvocato dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Azéma agus L. Grønfeldt, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 30 Meán Fómhair 2021,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léirmhíniú ar Airteagail 18 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), ar Airteagail 2, 20, 23 agus 31 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Nollaig 2011, maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011, L 337, lch. 9), agus ar Airteagail 25(6) agus 33(2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013, L 180, lch. 60).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir XXXX agus an Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (an Coimisinéir Ginearálta um Dhídeanaithe agus Daoine gan Stát, an Bheilg; "CGRA") maidir le diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh sa Bheilg.

An dlí lena mbaineann

Dlí idirnáisiúnta

3 Sonraítear in Airteagal 1(A)(2) den Choinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 [*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)], arna leasú leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, arna thabhairt i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 ("Coinbhinsiún na Ginéive) mar a leanas: [1]

"Chun críocha [Choinbhinsiún na Ginéive] seo, beidh feidhm ag an téarma "dídeanaí" maidir le haon duine:

[...]

[1] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. a bhfuil […] eagla air, agus bunús maith léi, roimh ghéarleanúint ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, comhaltas de ghrúpa sóisialta ar leith nó tuairimí polaitiúla, lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil ar a chumas leas a bhaint as cosaint na tíre sin nó, i ngeall ar an eagla sin, nach bhfuil toilteanach é sin a dhéanamh; nó, i gcás nach bhfuil náisiúntacht aige agus ina bhfuil sé lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air i ndiaidh imeachtaí den sórt sin, nach féidir leis filleadh ansin nó, mar gheall ar eagla den sórt sin, nach mian leis filleadh.

I gcás duine a bhfuil breis is náisiúntacht amháin aige, cuimsítear sa nath "de thír a náisiúntachta" gach tír dar náisiúnach é an duine sin. Ní mheasfar go bhfuil cosaint na tíre dar náisiúnach é á diúltú d'aon duine nár bhain leas, gan cúis mhaith bunaithe ar eagla atá bonn cirt léi, as cosaint ó cheann de na tíortha dar náisiúnach é."

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2011/95

4 Sonraítear in aithrisí 8, 9, 12, 18 agus 39 de Threoir 2011/95 mar a leanas: [2]

"(8) Sa Chomhaontú Eorpach um Inimirce agus um Thearmann, arna ghlacadh an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 2008, luadh an Chomhairle Eorpach go raibh difríochtaí móra ó Bhallstát go chéile maidir le deonú na cosanta agus na foirmeacha ina mbíodh an chosaint sin agus d'iarr sí tionscnaimh nua chun bunú Comhchórais Eorpaigh Tearmainn, dá bhforáiltear i gClár na Háige, a thabhairt chun críche, agus, dá réir sin, leibhéal níos airde cosanta a chur ar fáil.

(9) I gClár Stócólm, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an athuair a thiomanta atá sí don chuspóir limistéar comhchoiteann a bhunú ina dtairgfear cosaint agus dlúthpháirtíocht, bunaithe ar nós imeachta comhchoiteann tearmainn agus ar stádas aonfhoirmeach, i gcomhréir le hAirteagal 78 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dóibh siúd a dtugtar cosaint idirnáisiúnta dóibh, faoi 2012 ar a dhéanaí.

[…]

(12) Is é príomhchuspóir na Treorach seo ná, de pháirt, a áirithiú go gcuireann na Ballstáit go léir critéir chomónta i bhfeidhm chun daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i ndáiríre a shainaithint agus, den pháirt eile, a áirithiú go bhfuil íosleibhéal sochar ann do na daoine sin i ngach Ballstát.

[…]

(18) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, ba chóir do na Ballstáit tús áite a thabhairt do "leas an linbh", i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989. Agus leas an linbh á mheas acu, ba chóir do na Ballstáit aird chuí a thabhairt, go háirithe, ar phrionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh, ar fholláine agus ar fhorbairt shóisialta an mhionaoisigh, ar chúrsaí sábháilteachta agus slándála agus ar thuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena aois nó lena haois agus a aibíocht nó a haibíocht.

[2] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

[...]

(39) Le linn dóibh a bheith ag freagairt don iarraidh i gClár Stócólm stádas aonfhoirmeach a chur ar fáil do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, cé is moite de mhaoluithe atá riachtanach agus a bhfuil údar go hoibiachtúil leo, ní foláir na cearta agus na sochair chéanna a dheonú do thairbhithe cosanta coimhdí agus atá deonaithe do dhídeanaithe faoin Treoir seo, agus na coinníollacha incháilitheachta céanna a chur orthu."

5 Foráiltear in Airteagal 2 den Treoir sin, dar teideal "Sainmhínithe", mar a leanas: [3]

"Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(j) ciallaíonn "baill teaghlaigh", sa mhéid gurb ann cheana don teaghlach sa tír thionscnaimh, na baill seo a leanas de theaghlach an tairbhí cosanta idirnáisiúnta atá i láthair sa Bhallstát céanna i dtaca leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta:

– céile an tairbhí cosanta idirnáisiúnta nó a chomhpháirtí neamhphósta má tá caidreamh seasmhach eatarthu, i gcás ina ndéileáiltear i mbealaí inchomparáide sa dlí nó sa chleachtas i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta agus le lánúineacha pósta faoina dhlí maidir le náisiúnaigh tríú tír,

– leanaí mionaoiseacha na lánúineacha dá dtagraítear sa chéad fhleasc nó an tairbhí cosanta idirnáisiúnta, ar choinníoll nach bhfuil siad pósta agus is cuma ar rugadh nó nár rugadh iad de phósadh nó ar uchtaíodh iad faoi mar a shainmhínítear sin faoin dlí náisiúnta,

– athair nó máthair an tairbhí cosanta coimhdí nó duine fásta eile atá freagrach as de réir an dlí nó an chleachtais i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann, i gcás gur mionaoiseach é an tairbhí cosanta idirnáisiúnta agus nach bhfuil sé pósta;

[...]"

6 Áirítear i gCaibidil VII de Threoir 2011/95, dar teideal "Inneachar na Cosanta Idirnáisiúnta", Airteagail 20 go 35.

7 Foráiltear in Airteagal 20(5) den Treoir sin, dar teideal "Rialacha Ginearálta", mar a leanas: [4]

"Tabharfaidh na Ballstáit tús áite do leas an linbh agus iad i mbun forálacha na Caibidle seo maidir le mionaoisigh a thrasuí."

8 Foráiltear in Airteagal 23 den Treoir sin, dar teideal "Caomhnú an Aonaid Teaghlaigh", mar a leanas: [5]

"1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaí aontacht an aonaid teaghlaigh a chaomhnú.

[3] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

[4] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

[5] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh baill teaghlaigh an tairbhí cosanta idirnáisiúnta nach gcomhlíonann, ina n-aonar, na coinníollacha riachtanacha chun an chosaint sin a fháil i dteideal na sochair dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 a éileamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta a mhéid a luíonn sé sin le stádas dlíthiúil pearsanta an bhaill teaghlaigh.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás ina bhfuil nó ina mbeadh cosc ar an mball teaghlaigh sin cosaint idirnáisiúnta a fháil de bhun Chaibidil III agus V.

4. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh na Ballstáit na sochair dá dtagraítear iontu a dhiúltú, a theorannú nó a tharraingt siar ar mhaithe leis an tslándáil náisiúnta nó leis an ord poiblí.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go bhfuil feidhm ag an Airteagal seo chomh maith maidir le garghaolta eile a bhí ina gcónaí mar chuid den teaghlach ar dháta an imeachta ón tír thionscnaimh agus a bhí ag brath go hiomlán nó den chuid is mó ar an tairbhí cosanta idirnáisiúnta ag an am sin."

Treoir 2013/32

9 De réir aithris 43 de Threoir 2013/32:[6]

"Ba chóir do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas gach iarratais, is é sin le rá, a mheas an bhfuil an t-iarratasóir lena mbaineann incháilithe le haghaidh cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir 2011/95/AE, mura luaitear a mhalairt sa Treoir seo, go háirithe i gcás inar féidir glacadh leis go réasúnach go ndéanfadh tír eile an scrúdú sin nó go mbronnfadh sí cosaint leordhóthanach. Go háirithe, níor chóir go mbeadh sé de chúram ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil stádas dídeanaí nó cosaint leordhóthanach ar bhealach eile bronnta ar an iarratasóir ag an gceád tír thearmainn agus go n-athligfear an t-iarratasóir isteach sa tír sin."

10 Foráiltear in Airteagal 33 den Treoir sin, dar teideal "Iarratais Dhoghlactha", mar a leanas:[7]

"1. Le cois na gcásanna nach scrúdaítear iarratas iontu de bhun Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 26 Meitheamh 2013, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013, L 180, lch. 31)], níl sé de cheangal ar na Ballstáit a scrúdú an incháilithe mar thairbhí cosanta idirnáisiúnta é an t-iarratasóir de bhun Threoir 2011/95/AE i gcás ina meastar go bhfuil iarratas doghlactha faoin Airteagal seo.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha ach amháin i gcás inar:

a) bronnadh Ballstát eile cosaint idirnáisiúnta;

[...]"

6 [Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Beilge

11 Is mar a leanas an fhoclaíocht atá sa chéad fhomhír de mhír 3 d'Airteagal 57/6 den loi du 15 décembre 1980 sur l'accès au territoire, le séjour, l'établissement et l'éloignement des étrangers (Gníomh an 15 Nollaig 1980 maidir le dul isteach i gcríoch, cónaí, bunú agus díbirt daoine eachtrannacha) (*Moniteur belge* an 31 Nollaig 1980, lch. 14584), lena ndéantar Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a thrasuí:[8]

"Féadfaidh [CGRA] doghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhearbhú i gcás ina:

[...]

3 bhfuil cosaint idirnáisiúnta cheana féin ag an iarratasóir i mBallstát eile den Aontas Eorpach;

[...]"

Fíorais na bpríomhimeachtaí agus an cheist arna tarchur chun réamhrialú

12 Tar éis dó stádas dídeanaí a fháil san Ostair an 1 Nollaig 2015, bhog an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí go dtí an Bheilg ag tús 2016 chun bheith lena bheirt iníonacha, ar mionaoiseach duine acu. An 14 Nollaig 2016, deonaíodh cosaint choimhdeach sa Bheilg don bheirt iníonacha. D'aithin Stát na Beilge go raibh freagracht tuismitheoirí ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí as an mionaoiseach, ach nach raibh an ceart chun cónaí aige sa Stát sin.

13 An 14 Meitheamh 2018, rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Bheilg. An 11 Feabhra 2019, dhiúltaigh CGRA don iarratas sin toisc é a bheith doghlactha ar bhonn phointe 3 den chéad fhomhír de mhír 3 d'Airteagal 57/6 den loi du 15 décembre 1980 sur l'accès au territoire, le séjour, l'établissement et l'éloignement des étrangers (Gníomh an 15 Nollaig 1980 maidir le dul isteach i gcríoch, cónaí, bunú agus díbirt daoine eachtrannacha), ar an bhforas go raibh cosaint idirnáisiúnta bronnta cheana féin ag Ballstát eile ar an duine sin.

14 Trí bhreithiúnas an 8 Bealtaine 2019, dhiúltaigh an Conseil du contentieux des étrangers (an Chomhairle um Imeachtaí Tearmainn agus Inimirce, an Bheilg) don chaingean arna tionscnamh ag an iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne na breithe sin.

15 An 21 Bealtaine 2019, rinne an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur. D'áitigh sé go gcuirtear, le hurramú phrionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh agus an phrionsabail maidir le leas an linbh, toirmeasc ar Stát na Beilge, in imthosca na bpríomhimeachtaí, a chumhacht a úsáid chun a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha. Shonraigh sé nach bhfuil toirmeasc air prionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh a agairt i gcoinne na breithe sin de bharr gur tugadh aitheantas dá stádas dídeanaí i mBallstát eile mar ní thugtar cead dó leis an stádas sin cónaí lena leanbh mionaoiseach sa Bhallstát inar deonaíodh cosaint choimhdeach ar an leanbh sin.

16 De réir CGRA, níl feidhm ag prionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh sa chás seo, ós rud é nach bhfuil cosaint á diúltú don iarratasóir sna príomhimeachtaí, ná dá iníonacha. Thairis sin, ní féidir le leas an linbh amháin údar a thabhairt d'inghlacthacht iarratais ar chosaint.

[8] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, in imthosca ina n-agraítear prionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh agus an prionsabal maidir le leas an linbh, an gcaithfear dlí an Aontais a léirmhíniú amhail go gcuirtear toirmeasc ar Bhallstát a chumhacht, dá bhforáiltear in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, a úsáid chun a dhearbhú go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha.

18 Sna himthosca sin, chinn an Conseil d'État (an Chomhairle Stáit, an Bheilg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

"An gcuirtear toirmeasc le dlí an Aontais, go bunúsach Airteagail 18 agus 24 den [Chairt], Airteagail 2, 20, 23 agus 31 de Threoir [2011/95] agus Airteagal 25(6) de Threoir [2013/32], agus an chumhacht dá ndeonaítear le hAirteagal 33(2)(a) de Threoir [2013/32] á cur chun feidhme, ar Bhallstát iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú ar an mbun go raibh sé doghlactha as siocair cosaint a bheith bronnta cheana féin ag Ballstát eile, i gcás inarb athair linbh mhionaoisigh atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad Bhallstát an t-iarratasóir, inar seisean an t-aon tuismitheoir amháin den teaghlach núicléach atá fairis, ina bhfuil sé ina chónaí leis an leanbh agus ina n-aithníonn an Ballstát sin go bhfuil freagracht tuismitheoirí air as an leanbh? Nach n-éilítear, a mhalairt ar fad, le prionsabal aontacht an aonaid teaghlaigh agus leis an bprionsabal lena leagtar síos gur chóir leas an linbh a urramú, go mbeadh cosaint deonaithe don tuismitheoir sin ag an Stát inar deonaíodh cosaint dá leanbh?"

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

19 I litir dar dáta an 10 Nollaig 2020, chuir Rialtas na Beilge in iúl don Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos, gur thíolaic an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta an 4 Samhain 2020 agus, ar an dara dul síos, go raibh amhras air an fiú, dá réir sin, dul ar aghaidh leis an tarchur chun réamhrialú.

20 Agus an fhaisnéis sin faighte aici, d'iarr Clárlann na Cúirte, i litir dar dáta an 20 Eanáir 2021, ar an gcúirt a rinne an tarchur a barúlacha a thabhairt ina leith sin.

21 I litir dar dáta an 11 Feabhra 2021, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl don Chúirt Bhreithiúnais gur mhian léi dul ar aghaidh leis an tarchur chun réamhrialú.

An cheist arna tarchur chun réamhrialú

22 Lena ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur a fháil amach, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, léite i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) den Chairt, a léirmhíniú amhail go gcuirtear toirmeasc ar Bhallstát an chumhacht a chuirtear ar fáil dó leis an bhforáil sin iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith doghlactha a fheidhmiú ar an bhforas go bhfuil stádas dídeanaí deonaithe cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile, i gcás inarb athair linbh mhionaoisigh atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad Ballstát é an t-iarratasóir, inar seisean an t-aon tuismitheoir amháin den teaghlach núicléach atá fairis, ina bhfuil sé ina chónaí leis agus ina n-aithníonn an Ballstát sin go bhfuil freagracht tuismitheoirí air as an leanbh.

23 Chuige sin, ní mór a choinneáil i gcuimhne, de réir Airteagal 33(1) de Threoir 2013/32, mar aon leis na cásanna nach scrúdaítear iarratas iontu de réir Rialachán Uimh. 604/2013, nach bhfuil sé de cheangal ar na Ballstáit a scrúdú an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha

riachtanacha atá ann i gcomhair cosaint idirnáisiúnta de bhun Threoir 2011/95 i gcás ina meastar gur iarratas doghlactha atá ann faoin Airteagal sin. Leagtar amach go huileghabhálach in Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32 na cásanna ina bhféadfadh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha [breithiúnas an 19 Márta 2020, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Tompa)*, C-564/18, EU:C:2020:218, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear]. Ina measc, áirítear an cás, dá bhforáiltear i mír (a) den fhoráil sin, ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta cheana féin ag Ballstát eile.

24 Dá bhrí sin, is léir ón bhfoclaíocht d'Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 nach bhfuil sé de chúram ar na Ballstáit a scrúdú an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha riachtanacha atá ann chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh de bhun Threoir 2011/95 i gcás ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta den sórt sin curtha ar fáil cheana féin i mBallstát eile.

25 Ina theannta sin, leis an léirmhíniú seo baintear amach cuspóir Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32, arb é sin, mar atá luaite cheana féin ag an gCúirt, an oibleagáid atá ar an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a laghdú trí na cásanna a leagan amach ina meastar gur iarratas doghlactha é iarratas den sórt sin (breithiúnas an 19 Márta 2020, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Tompa)*, C-564/18, EU:C:2020:218, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann ón gcumhacht a chuirtear ar fáil do Bhallstáit, faoin bhforáil sin, gan a scrúdú an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha riachtanacha atá ann chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, eisceachtaí lena bhféadfadh údar a bheith leo, go bunúsach, i ngeall ar an gceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú agus ar an ngá atá ann leas an linbh a chur san áireamh, a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) den Chairt.

27 I ndáil leis sin, ní mór a choinneáil i gcuimhne, ar an gcéad dul síos, go bhfuil dlí an Aontais bunaithe ar an mbuntuiscint go gcomhroinneann gach Ballstát leis na Ballstáit eile go léir, agus aithníonn sé go gcomhroinneann siadsan leis, sraith de chomhluachanna ar a bhfuil an tAontas bunaithe, mar a luaitear in Airteagal 2 CAE. Leis an mbuntuiscint sin, tugtar le tuiscint agus tugtar údar leis go bhfuil iontaoibh fhrithpháirteach ann idir na Ballstáit go ndéanfar na comhluachanna sin a aithint agus, dá bhrí sin, go n-urramófar dlí an Aontais lena ndéantar iad a chur chun feidhme, agus go bhfuil a ndlíchórais náisiúnta faoi seach in acmhainn cosaint comhionann agus éifeachtach a thabhairt do na cearta bunúsacha arna n-aithint sa Chairt, go háirithe Airteagail 1 agus 4 den Chairt, lena gcumhdaítear ceann de luachanna bunúsacha an Aontais agus a Bhallstát (breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear) eadhon dínit an duine, lena n-áirítear, *inter alia*, an toirmeasc ar íde atá mídhaonna nó táireach.

28 Tá buntábhacht, i ndlí an Aontais, ag baint le prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí idir na Ballstáit maidir leis, go háirithe, an limistéar saoirse, slándála agus ceartais atá i gceist leis an Aontas agus lena n-áirithítear, i gcomhréir le hAirteagal 67(2) CFAE, nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann do dhaoine agus lena gcumfar comhbheartas maidir le tearmann, inimirce agus rialú ag teorainneacha seachtracha, arna bhunú ar an dlúthpháirtíocht idir Ballstáit agus a thugann cothrom na Féinne do náisiúnaigh tríú tír. Sa réimse sin, le prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí cuirtear de cheangal ar gach ceann de na Ballstáit sin a mheas, ach amháin in imthosca eisceachtúla, go ndéanann na Ballstáit go léir eile dlí an Aontais agus, go

háirithe, na cearta bunúsacha arna n-aithint ag an dlí sin a urramú (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 I gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn, uime sin, ní mór talamh slán a dhéanamh de go bhfuil an bealach lena gcaitear le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i ngach Ballstát i gcomhréir le ceanglais na Cairte, le Coinbhinsiún na Ginéive agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950. Sin mar atá an scéal, go háirithe, agus Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 á chur i bhfeidhm, arb ionann é, i gcomhthéacs an nós imeachta chomhchoiteann tearmainn dá bhforáiltear leis an Treoir sin, agus léiriú ar phrionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí (breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfadh fadhbanna oibríochta móra, i gcleachtas, a bheith ann leis an gcóras sin i mBallstát áirithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh baol tromchúiseach ann go gcaithfí le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, sa Bhallstát sin, ar bhealach atá ar neamhréir lena gcearta bunúsacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 I bhfianaise mhíreanna 29 agus 32 den bhreithiúnas seo, ní fhéadfaidh údaráis Bhallstáit an chumhacht a chuirtear ar fáil dóibh le hAirteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a fheidhmiú i gcás ina bhfuil an tátal bainte amach acu, ar bhonn faisnéis oibiachtúil, iontaofa, shonrach agus chothrom le dáta mar is cuí agus ó thaobh caighdeán cosanta ceart bunúsach arna ráthú le dlí an Aontais, go bhfuil easnaimh ann, sa Bhallstát ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta cheana féin ag an náisiúnach tríú tír, bíodh siad córasach nó ginearálaithe nó ag baint le grúpaí daoine áirithe agus go bhfuil, mar gheall ar na heasnaimh den sórt sin, forais shuntasacha agus chruthaithe ann le creidiúint go mbeadh an náisiúnach sin i mbaol dáiríre a bheith faoi réir íde mhídhaonna nó tháireach, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Márta 2019 *Jawo*, C-163/17, EU:C:2019:218, míreanna 85 go 90, agus an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 92).

32 Os a choinne sin, ní chuirtear toirmeasc le hAirteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 ar Bhallstát an chumhacht a chuirtear ar fáil dó leis an bhforáil sin a fheidhmiú chun iarratas maidir le stádas dídeanaí a dheonú a dhiúltú toisc é a bheith doghlactha ar an bhforas go bhfuil cosaint idirnáisiúnta deonaithe cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile, i gcás nach mbeadh an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta sin i mbaol tromchúiseach íde mhídhaonna nó tháireach a fhulaingt, de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt, de thoradh na ndálaí maireachtála a bhféadfaí a thuar a bheadh roimhe mar thairbhí cosanta idirnáisiúnta sa Bhallstát eile sin. Ní féidir a mheas gur sárú ar Airteagal 4 é más amhlaidh nach bhfaigheann tairbhithe na cosanta sin, sa Bhallstát sin, aon liúntas cothabhála nó go mbíonn liúntas den sórt sin á fháil acu atá i bhfad níos lú ná mar a gheobhadh siad i mBallstáit eile, gan caitheamh leo, áfach, ar bhealach atá difriúil le náisiúnaigh an Bhallstáit sin, murar i bhfíorghátar atá an t-iarratasóir, mar gheall ar a leochailí is atá sé agus beag beann ar rogha dá dheoin, sa dóigh nach bhfuil sé in acmhainn freastal ar a chuid riachtanas is bunúsaí, amhail bia, sláinteachas pearsanta agus tithíocht, rud a bhaineann an bonn dá shláinte choirp nó mheabhrach nó a chuireann anró air a thagann salach ar dhínit an duine (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, míreanna 89, 90 agus 101).

33 Sa chás seo, agus faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ar a bhfuil, agus uirthi sin amháin, an inniúlacht breithiúnas a thabhairt ar fhíorais na bpríomhimeachtaí, ní léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhféadfadh an cás a bheith amhlaidh maidir le dálaí maireachtála an iarratasóra sna príomhimeachtaí san Ostair. Gan dochar d'fhíorú den sórt sin, is cosúil, ina áit sin, ón ábhar go léir sa chomhad atá faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, nárbh é an gá le cosaint idirnáisiúnta é féin, a fhreastalaítear cheana féin san Ostair, a bhí ina chúis leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thíolaic an t-iarratasóir, ach an fonn a bhí air aontacht an aonaid teaghlaigh a áirithiú sa Bheilg.

34 Dá bhrí sin, níl cás an iarratasóra sna príomhimeachtaí den sórt sin lena gcuirfí de cheangal ar na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcásdlí a tháinig sna sála ar an mbreithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile* (C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219), staonadh, go heisceachtúil, ón gcumhacht a chuirtear ar fáil dóibh in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar dhoghlactha.

35 Ar an dara dul síos, áfach, ní foláir a fhíorú an gcuirtear toirmeasc le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 24(2) den Chairt leis an gcumhacht a chuirtear ar fáil do Bhallstát in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith doghlactha ar an bhforas go bhfuil stádas dídeanaí deonaithe cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile faoi na coinníollacha atá leagtha amach i mír 22 den bhreithiúnas seo.

36 I gcás sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais lena ndeonaítear ceart substainteach do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta, nach sárú ar Airteagal 4 den Chairt dá thoradh é, fiú má tá sé cruthaithe, ní chuirtear cosc ar Bhallstáit an chumhacht a chuirtear ar fáil in Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32 a fheidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Márta 2019, *Ibrahim agus páirtithe eile*, C-297/17, C-318/17, C-319/17 agus C-438/17, EU:C:2019:219, mír 92). I ndáil leis sin, murab ionann agus an chosaint i gcoinne aon íde atá mídhaonna nó táireach, a chumhdaítear in Airteagal 4 den Chairt, ní cearta absalóideacha iad na cearta a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt agus, mar sin, is féidir srianta a chur leo faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 52(1) den Chairt.

37 Go deimhin, de bharr léirmhíniú den sórt sin, is féidir a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí ar a bhfuil an córas Eorpach tearmainn bunaithe agus ar léiriú é Airteagal 33(2)(a) de, mar a cuireadh i dtreis i mír 29 den bhreithiúnas seo.

38 Thairis sin, luann an chúirt a rinne an tarchur Airteagal 23 de Threoir 2011/95 ina iarraidh ar réamhrialú chomh maith, go háirithe i mír 2 den iarraidh.

39 Fiú mura sonraítear leis an bhforáil sin go bhféadfaí an stádas dídeanaí nó an stádas cosanta coimhdí a shíneadh, mar cheart díorthaithe, do bhaill teaghlaigh an duine a bhfuil an stádas sin aige, agus, dá bhrí sin, nach dtugtar le tuiscint, sa chás seo, gur chóir, toisc go bhfuil cosaint choimhdeach ag a bheirt iníonacha, cosaint idirnáisiúnta a dheonú don iarratasóir sna príomhimeachtaí, ar an gcúis sin amháin, sa Bhallstát sin ar an mbonn sin, cuirtear de cheangal go sainráite ar na Ballstáit leis an bhforáil sin caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh a áirithiú, trí roinnt sochar ar mhaithe le baill teaghlaigh an tairbhí de chosaint idirnáisiúnta a bhunú (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Samhain 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Caomhnú an Aonaid Teaghlaigh)*, C-91/20, EU:C:2021:898, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear). Agus na sochair sin, dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 de Threoir 2011/95, á ndeonú, lena n-áirítear, *inter alia*, ceart cónaithe, ní mór trí choinníoll a chomhlíonadh agus is iad sin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an duine ina bhall teaghlaigh de réir bhrí Airteagal 2(j) den Treoir sin, ar an dara dul

síos, nach gcomhlíonann an ball teaghlaigh na bunchoinníollacha incháilíochta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta ina aonair, agus, ar an tríú dul síos, go luíonn sé le stádas dlíthiúil pearsanta an bhaill teaghlaigh lena mbaineann.

40 Ar an gcéad dul síos, ní chuirtear cosc ar an tuismitheoir a mheas mar bhall teaghlaigh an tairbhí de réir bhrí Airteagal 2(j) de Threoir 2011/95 ó tharla go ndeachaigh an tuismitheoir agus a leanbh mionaoiseach i muinín bealaí imirce éagsúla sula dtugadh ar ais le chéile iad an athuair sa Bhallstát ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag an leanbh, ar an gcoinníoll go raibh an tuismitheoir sin i gcríoch an Bhallstáit sin sula dtugadh breithiúnas ar iarratas a linbh ar chosaint idirnáisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Ball Teaghlaigh)*, C-768/19, EU:C:2021:709, míreanna 15, 16, 51 agus 54).

41 Ar an dara dul síos, i bhfianaise chuspóir Airteagal 23(2) de Threoir 2011/95 go n-áiritheofar go gcaomhnófar aontacht an aonad teaghlaigh atá ag na tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, agus, thairis sin, ó tharla go gcaithfear forálacha Threoir 2011/95 a léirmhíniú i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) agus (3) den Chairt (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Ball Teaghlaigh)*, C-768/19, EU:C:2021:709, mír 38), ní mór a mheas nach bhfuil náisiúnach tríú tír ar diúltaíodh, toisc é a bheith doghlactha, dá iarratas sa Bhallstát ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta ag a leanbh mionaoiseach as siocair an stádais dídeanaithe atá ag an náisiúnach sin i mBallstát eile cáilithe i gcomhair cosaint idirnáisiúnta sa chéad Bhallstát, agus, dá bhrí sin, tá sé i dteideal leas a bhaint as na sochair dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 de Threoir 2011/95 sa Bhallstát sin.

42 Ar an tríú dul síos, faoi Airteagal 23(2) de Threoir 2011/95, ní mór go luíonn deonú na sochar den sórt sin, áfach, le stádas dlíthiúil an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

43 I ndáil leis sin, is léir ó bhreithiúnas an 9 Samhain 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Caomhnú an Aonaid Teaghlaigh)*, C-91/20, EU:C:2021:898, mír 54) go mbaineann an forchoimeád sin leis an bhfíorúchán nach bhfuil an náisiúnach lena mbaineann, ar ball teaghlaigh de thairbhí cosanta idirnáisiúnta é, i dteideal cheana féin sa Bhallstát a dheonaigh an chosaint idirnáisiúnta sin a bheith caite leis ar bhealach níos fearr ná mar a chaithfí leis de bharr na sochar dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 de Threoir 2011/95. Faoi réir fíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní cosúil go bhfuil an cás seo amhlaidh, ós rud é, agus stádas dídeanaí á dheonú i mBallstát, nach gcaitear, i bprionsabal, leis an tairbhí den chosaint idirnáisiúnta sin ar bhealach níos fearr, i mBallstát eile, ná mar a chaithfí leis leis na sochair dá dtagraítear in Airteagail 24 go 35 de Threoir 2011/95 sa Bhallstát eile sin.

44 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist ná gur chóir Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32, léite i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) den Chairt, a léirmhíniú amhail nach gcuirtear toirmeasc ar Bhallstát an chumhacht a chuirtear ar fáil dó leis an bhforáil sin a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar dhoghlactha ar an bhforas gur dheonaigh Ballstát eile stádas dídeanaí cheana féin don iarratasóir, i gcás inarb athair linbh mionaoiseach atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint choimhdeach dó sa chéad Bhallstát é an t-iarratasóir, gan dochar, áfach, do chur i bhfeidhm Airteagal 23(2) de Threoir 2011/95.

Costais

45 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, léite i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú amhail nach gcuirtear toirmeasc ar Bhallstát an chumhacht a chuirtear ar fáil dó leis an bhforáil sin a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar dhoghlactha ar an bhforas gur dheonaigh Ballstát eile stádas dídeanaí cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile, i gcás inarb athair linbh mionaoiseach atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad Bhallstát é an t-iarratasóir, gan dochar, áfach, do chur i bhfeidhm Airteagal 23(2) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar.

Sínithe

[i] — Rinneadh leasuithe teanga (agus formáidithe) ar mhíreanna 4(8), 23, 29, 45 tar éis dóibh a bheith foilsithe ar líne den chéad uair.